



Fiontar & Scoil na Gaeilge

Campas na Naomh Uile, DCU/ DCU All Hallows Campus

Polasaí Gaeilge na Scoile

1. Is í an Ghaeilge teanga chumarsáide agus oibre Fiontar & Scoil na Gaeilge agus is í an teanga sin a úsáidfear i ngach cumarsáid le mic léinn.
2. Déantar an teagasc ar fad in Fiontar & Scoil na Gaeilge trí mheán na Gaeilge.
3. Úsáidtear an Ghaeilge i gcónaí i nótaí ranga, i léaráidí Powerpoint agus in aon chineál ábhair eile a úsáidtear mar acmhainn teagaisc sa seomra ranga nó sa léachtlan.
4. Is i nGaeilge a leagtar amach paipéir scrúdaithe agus measúnachtaí de chineálacha eile (an measúnú leanúnach san áireamh) agus ní mór do mhic léinn a leithéid de cháipéis a fhreagairt i nGaeilge ach amháin sa chás go bhfuil malairt socraithe déanta (e.g. modúil a mhúintear do mhic léinn idirnáisiúnta nó a leithéid).
5. Bítear ag súil go n-úsáidfí mic léinn ar chlár acadúla na Scoile an Ghaeilge agus iad i ranganna lena chéile i seimineáir, i léachtaí, i ríomhlanna nó aon áit a dtagann siad le chéile.

14/5/2021